Gaeilge
Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

Seachtain na Gaeilge le enérgia

*Márta 2025*
*Eagrán a 13*

## MEITHEAL LÉITHEOIREACHTA

Bígí linn chun scéal faoi fhear ó Bhóthar na Ceapaí, Dónall Mac Amhlaigh, a léamh le chéile chuile Dhéardaoin ó 6:00 go dtí a 7:00pm i Súil Eile Space, Bearna.

Is dírbheathaisnéis thar a bheith spéisiúil an leabhar seo, Dialann Deoraí, faoi thaithí na n-eisimirceach Éireannach i Sasana sna 1950idí, agus tarraingíonn sé aird ar cheisteanna teanga agus féiniúlachta i measc na bpobal inimirceach.

Beidh ár gcéad teacht le chéile Déardaoin seo chugainn ar an 6ú Márta agus beidh cóipeanna den leabhar ar fáil.

Fáilte roimh chuile dhuine agus chuile chumas Gaeilge!

## MEITHEAL LÉITHEOIREACHTA

*Join us to read together the story of a man from the Bóthar na Ceapaí (Cappagh Road), Dónall Mac Amhlaigh, every Thursday from 6:00 to 7:00pm in Súil Eile Space, Bearna.*

*Dialann Deoraí is an extremely interesting autobiography about the Irish emigrant experience in England in the 1950s and draws attention to questions of language and identity among immigrant communities.*

*Our first gathering is next Thursday the 6th of March and copies of the book will be available.*

*Everyone and every level of Irish is welcome!*



## CIORCAL COMRHÁ BHEARNA

Beidh Gaeilge ABC ag cur tús le ciorcal comhrá seachtainiúil ar an 12ú Márta i Súil Eile Space i mBearna ó 6:00pm go dtí 7:00pm. Is deis iontach é do chuid Ghaeilge a chleachtadh agus aithne a chur ar Ghaeilgeoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge áitiúla eile. Tá fáilte roimh chuile chumas Gaeilge chuig an gciorcal comhrá!

## CIORCAL COMRHÁ BHEARNA

*Gaeilge ABC will be starting a weekly Ciorcal Comhrá starting on the 12th of March in Súil Eile Space in Bearna and running from 6:00pm to 7:00pm. It is a great opportunity to practice your Irish and to get to know other local Gaeilgeoirí and Irish language learners. Every level of Irish is welcome to join!*




## CLUB LEABHAR D'FHOGHLAIMEOIRÍ FÁSTA

Tá ár gClub Leabhar d'Fhoghlaimeoirí Fásta ar ais aríst i mbliana! Tá an Club Leabhar seo dírithe ar dhaoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge agus ar mhaith leo beagán léitheoireachta Gaeilge a dhéanamh chuile mhí.

Beidh ár gcéad chruinniú míosúil ag teach le chéile idir 6:00pm agus 7:00pm i Súil Eile Space, Bearna. Beidh muid ag bualadh le chéile do chupán tae agus chun beagán plé a dhéanamh faoi na leabhair a bheas muid ag léamh i mbliana.

Má tá spéis agat a bheith páirteach sa gclub déan teagmháil le Micheál ag 085 137 2447, nó ag optgaeilgeabc@gmail.com.




## BOOK CLUB FOR IRISH LEARNERS

*Our Book Club for Irish Learners is back again this year! This Book Club is aimed at adults who are learning Irish and would like to do a little Irish reading every month.*

*Our first monthly meeting will be held between 6:00pm and 7:00pm in Súil Eile Space, Bearna. We will be meeting for a cup of tea and to have a small discussion about the books we will be reading this year.*

*If you are interested in joining the club please contact Micheál on 085 137 2447, or at optgaeilgeabc@gmail.com.*

## CAIFE AGUS COMHRÁ SHEACHTAIN NA GAEILGE

Deis do Ghaeilgeoirí teacht le chéile ar an deireadh seachtaine do Sheachtain na Gaeilge.

## SEACHTAIN NA GAEILGE COFFEE AND CONVERSATION

*An opportunity for Gaeilgeoirí to come together on the weekend for Seachtain na Gaeilge*




## CIORCAL COMHRÁ - CNOC NA CATHRACH

Bíonn ciorcal comhrá ar siúl chuile Aoine ag a 11.00rn in Óstán an Chlaí Bháin i gCnoc na Cathrach. Tá fáilte roimh chuile leibhéal Gaeilge chuige seo agus is bealach iontach é chun do Ghaeilge labhartha a fheabhsú.



## CIORCAL COMRHÁ - KNOCKNACARRA

*A conversation circle takes place every Friday at 11.00am in the Clybaun Hotel in Knocknacarra. All levels of Irish are welcome for this and it is a great way to improve your spoken Irish.*

## SEISIÚN CEOIL SHEACHTAIN NA GAEILGE

Buail isteach chuig @suileilespace ag Dé Sathairn 15 Márta chun cúpla port a sheinm, amhrán a chanadh, nó chun cupán tae nó caife a fháil agus éisteacht leis an gceol.
Is seisiún oscailte a bheas anseo, agus tá fáilte roimh chuile chumas Gaeilge!

## SEACHTAIN NA GAEILGE MUSIC SESSION

*Pop in to Súil Eile Space on Saturday 15th March to play a few tunes, sing a song, or get yourself a cup of tea or coffee and listen to the music at our open session.*

*This is an Irish language event and people every level of Irish is welcome!*




## FÉILIRE.COM

Le fáil amach faoi na imeachtaí Gaeilge uilig a bhíonn ar siúl i nGaillimh, coinnígí súil ar www.feilire.com.

## FÉILIRE.COM

*To find out about all the Irish langauge events that are happending in Galway, keep an eye on www.feilire.com*

## SCOLÁIREACHTAÍ GAELTACHTA DO DHÉAGÓIRÍ

Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil dhá pháirtscoláireacht againn i mbliana le bronnadh ar bheirt dhéagóirí do chúrsaí Gaeltachta a bheas ar siúl i rith an tsamhraidh i 2025. Is é an spriocdháta d'iarratais Dé hAoine 21 Márta. Tá an t-eolas uilig faoi na páirtscoláireachtaí chomh maith leis an bhfoirm iarratais ar fáil tríd anseo.




## GAELTACHT SCHOLARSHIPS FOR TEENAGERS

*We are pleased to announce that this year we have two partial scholarships to be awarded to two teenagers for Gaeltacht courses that will take place during the summer of 2025. The deadline for applications is Friday 21st March. All the information about the partial scholarships as well as the application form can be found here.*

